Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Márta 2026
(OR. en)

15445/1/25
REV 1 ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0112(COD)**

**EF 371**
**ECOFIN 1519**
**CODEC 1820**
***ECB***
***PARLNAT***

## RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a chistiú agus Treoir 2014/24/AE a mhéid a bhaineann le seirbhísí luachála i gcás réitigh<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 5 Márta 2026 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 19 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa an pacáiste athbhreithnithe maidir le Bainistiú Géarchéime agus Árachas Taiscí (dá ngairtear an 'togra' anseo feasta), lena gcuimsítear teachtaireacht agus ceithre ghníomh dlí, ar scaradh uaidh an gníomh dlí 'slabhraí nóiníní' ar deireadh agus a ghlac na comhreachtóirí ar leithligh (dá bhrí sin, tuigfear gur ag tagairt do na trí ghníomh dlí eile atáthar le tagairt do bhainistiú géarchéime agus árachas taiscí nó don togra):

- Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a mhaoiniú;
- Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2014/49/AE a mhéid a bhaineann le raon feidhme cosanta taiscí, úsáid cistí scéimeanna ráthaithe taiscí, comhar trasteorann agus trédhearcacht;
- Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a chistiú;
- Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le gnéithe áirithe den íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe ('slabhraí nóiníní').

2. Tá an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc agus an Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus tá an Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí bunaithe ar Airteagal 53(1) de (an gnáthnós imeachta reachtach).

3. Glacadh an tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 5 Iúil 2023[1]. Glacadh an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Iúil 2023[2].

4. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (Coiste ECON) a bhí an phríomhfhreagracht. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024.

5. Phléigh Meitheal na Comhairle um Sheirbhísí Airgeadais agus um an Aontas Baincéireachta an togra ag na cruinnithe a bhí aici an 24 Bealtaine 2023, an 7 Iúil 2023, an 20 Iúil 2023, an 18 Meán Fómhair 2023, an 9 Deireadh Fómhair 2023, an 31 Deireadh Fómhair 2023, an 21 Samhain 2023, an 27 Feabhra 2024, an 25 Márta 2024, an 26 Aibreán 2024, an 23 agus an 24 Bealtaine 2024, an 3 Meitheamh 2024 agus an 7 Meitheamh 2024. D'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe an sainordú caibidlíochta an 19 Meitheamh 2024 agus thug sé sainordú don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa. Ar an mbonn sin, chuathas i mbun caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú luath ar an dara léamh.

---

[1] 11577 2023 INIT

[2] **15142 2025 INIT**

6. Bhí na cruinnithe tríthaobhacha ar siúl an 17 Nollaig 2024, an 14 Eanáir 2025, an 4 Feabhra 2025, an 12 Márta 2025, an 25 Márta 2025, an 28 Aibreán 2025, an 22 Bealtaine 2025, an 5 Meitheamh 2025.

7. Ag an gcruinniú tríthaobhach deireanach an 25 Meitheamh 2025, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú polaitiúil sealadach, as ar tháinig na téacsanna comhréitigh críochnaitheacha mar a leagtar amach in 15011 ADD1 2025, 15011 ADD2 2025 agus 15011 ADD3 2025 iad.

8. An 5 Samhain 2025, d'fhormhuinigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) na téacsanna comhréitigh.
An 6 Samhain 2025, sheol Cathaoirleach an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á thabhairt le fios – i gcás ina dtarchuirfeadh an Chomhairle a seasamh chuig Parlaimint na hEorpa mar a comhaontaíodh – go molfadh sí don suí iomlánach, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch, go nglacfaí le seasamh na Comhairle gan aon leasú ag an dara léamh sa Pharlaimint (féach an nóta faisnéise[3] chuig Coreper).

9. I bhfianaise an mhéid thuas, ag an gcruinniú a bhí aige an 12 Samhain 2025, tháinig Coreper ar chomhaontú polaitiúil, ar bhonn na dtéacsanna comhréitigh. Rinneadh athbhreithniú dlítheangeolaíoch ar na téacsanna comhréitigh, agus as sin d'eascair na téacsanna críochnaitheacha a leagtar amach in 15389/25, 15445/25 agus 15484/25 chun go bhféadfaí teacht ar chomhaontú luath ar an dara léamh.

[3] 15146 2025

## II. AN PRÍOMHCHUSPÓIR

10. Foráiltear leis an bpacáiste maidir le bainistiú géarchéime agus árachas taiscí, go ndéanfaí forbairt spriocdhírithe ar an gcreat atá ann cheana agus é d’aidhm aige **réiteach ordúil i gcás bainc bheaga agus mheán-mhéide a bheith indéanta** trí údarú a thabhairt d’údaráis réitigh cistí a fháil, i gcásanna eisceachtúla agus faoi choinníollacha dochta, ó scéimeanna ráthaithe taiscí (SRTanna) chun cur chun feidhme straitéis réitigh trí aistriú an bhainc a mhaoiniú mura leor cumas ionsúcháin caillteanais inmheánach an bhainc sin chun rochtain a fháil ar an gciste réitigh. Tríd an ordlathas cistiúcháin agus na sásraí oibríochtúla a mhíniú go soiléir, tá sé d’aidhm ag an athchóiriú **an méid is lú d'airgead na gcáiníocóirí a úsáid** agus, ag an am céanna, rochtain taisceoirí agus cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú agus seasamh le príomhphrionsabal an chreata réitigh go ndéanfadh na scairshealbhóirí agus na creidiúnaithe na caillteanais a ionsú chun sláine na socruithe cistithe réitigh a chosaint.

11. Chun ilroinnt a laghdú ar fud an Aontais, tá sé d’aidhm ag an athchóiriú freisin **cóireáil na mbeart malartach agus coisctheach a chomhchuibhiú** agus comhordú trasteorann idir maoirseoirí agus údaráis réitigh a neartú.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

**Comhthéacs an nós imeachta**

12. Ar bhonn an togra ón gCoimisiún, chuaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta agus é mar aidhm acu teacht ar chomhaontú luath ar an dara léamh ar bhonn an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh. Is léiriú iomlán an seasamh ón gComhairle ar an gcomhréiteach ar ar tháinig an dá chomhreachtóir.

**Achoimre ar na príomh-shaincheisteanna**

13. I gcomparáid leis an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, tá na príomhghnéithe seo a leanas sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc, ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú ina leith:

14. Déantar an measúnú leasa phoiblí níos doichte trí léiriú a éileamh ina léirítear, dá mbeadh na cuspóirí réitigh i mbaol, gur fearr a bhainfí amach a chuspóirí reachtacha le réiteach ná le leachtú sula bhféadfaí réiteach a úsáid. Déantar an tástáil ar an gcostas is lú a shimpliú trí uasteorainn a chur le hidirghabhálacha ó SRT ag ollmhéid na dtaiscí cumhdaithe, agus déantar sárthosaíocht na dtaiscí faoi chumhdach (árachaithe) a chaomhnú laistigh d’ordlathas creidiúnaithe trí leibhéal. Leis an seasamh ón gComhairle tá soiléiriú maidir le cathain agus conas is féidir uirlisí arna maoiniú ag an tionscal a úsáid do mhaoiniú réitigh, faoi réir seicheamhú sainráite agus coimircí agus ceanglais comhroinnte ualaigh níos déine. Dá bhrí sin, ní choinníonn na húdaráis réitigh an chumhacht chun bainc a réiteach ach amháin i gcás ina gcomhlíontar an measúnú leasa phoiblí níos doichte agus an tástáil ar an gcostas is lú simplithe agus inar léir gur fearr an réiteach ná an leachtú go follasach, rud a áirithíonn go leanfaidh an leachtú de bheith ina rogha inmharthana atá bunaithe ar an dlí do na bainc bheaga i gcás inarb iomchuí. Dá bhrí sin, leagtar amach go docht an rochtain a thugtar ar chistiú le haghaidh réitigh ó scéimeanna ráthaithe taiscí agus ó uirlisí eile arna gcistiú ag an tionscal agus tá sé coinníollach ionas go dtabharfar tosaíocht d’acmhainní príobháideacha agus go mbeidh teorainn le neamhchosaint na gcáiníocóirí. Ar an iomlán, fágann cur chuige na Comhairle go bhfuil réiteach i gcás bainc bheaga agus mheánmhéide níos infheidhmithe go hoibríochtúil ná mar atá faoin gcreat bainistithe géarchéime agus árachais taiscí atá ann faoi láthair agus treisítear an prionsabal gur rud eisceachtúil é cistiú a fháil ó SRT le haghaidh réitigh, ag brath ar ionsú leordhóthanach caillteanais a bheith á dhéanamh ag scairshealbhóirí agus ag creidiúnaithe, agus gur bunchloch na inréiteachta é fós an t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe.

## IV. CONCLÚID

15. Leis an seasamh ón gComhairle, leagtar béim ar phríomhchuspóir an togra ón gCoimisiún agus léirítear go hiomlán an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, le tacaíocht ón gCoimisiún.